# Ceacht a hOcht — An Briathar “tar”
# Lesson Eight — The Verb “come”



| | | |
|---|---|---|
| **1.** | **Tar** isteach. | **Come** in. |
| | **Tagaigí** isteach. | [Y’all] **come** in. |
| **2.** | **Tháinig** mé abhaile. | I **came** home. |
| | **Ar tháinig** tú abhaile? | **Did** you **come** home? |
| | Tháinig / Níor tháinig | Yes (**came**) / No (**didn’t come**) |
| | **Nár tháinig** sé abhaile? | **Didn’t** he **come** home? |
| | **Níor tháinig** sí abhaile. | She **didn’t come** home. |
| | **Thángamar** abhaile. | **We came** home. |
| | **Ar tháinig** sibh abhaile? | **Did** y’all **come** home. |
| | **Tháinig** siad abhaile. | They **came** home. |
| **3.** | **Tagaim** abhaile ag a sé. | **I come** home at six. |
| | **An dtagann** tú abhaile ag a sé? | **Do** you **come** home at six. |
| | Tagaim / Tagann | Yes (**I come / come**) |
| | Ní thagaim / Ní thagann | No (**I don’t come / don’t come**) |
| | **Nach dtagann** sé abhaile ag a sé? | **Doesn’t** he **come** home at six? |
| | **Ní thagann** sí abhaile ag a sé. | She **doesn’t come** home at six. |
| | **Tagaimid** abhaile ag a sé. | **We come** home at six. |
| | **An dtagann** sibh abhaile ag a sé? | **Do** y’all **come** home at six. |
| | **Tagann** siad abhaile ag a sé. | They **come** home at six. |
| **4.** | **Tiocfaidh** mé abhaile ag a sé. | I **will come** home at six. |
| | **An dtiocfaidh** tú abhaile ag a sé? | **Will** you **come** home at six. |
| | Tiocfaidh / Ní thiocfaidh | Yes (**will come**) / No (**won’t go come** |
| | **Nach dtiocfaidh** sé abhaile ag a sé. | **Won’t** he **come** home at six? |
| | **Ní thiocfaidh** sí abhaile ag a sé. | She **won’t come** home at six. |
| | **Tiocfaidh** muid abhaile ag a sé. | We **will come** home at six. |
| | **An dtiocfaidh** sibh abhaile ag a sé? | **Will** y’all **come** home at six. |
| | **Tiocfaidh** siad abhaile ag a sé. | They **will come** home at six. |
| **5.** | **Thiocfainn** abhaile ar an DART. | **I would come** home on the DART. |
| | **An dtiocfá** abhaile ar an DART? | **Would you come** home on the DART. |
| | Thiocfainn / Ní thiocfainn | Yes (**I would come**) / No (**I wouldn’t come**) |
| | **Nach dtiocfadh** sé abhaile ar an DART? | **Wouldn’t** he **come** home on the DART? |
| | **Ní thiocfadh** sí abhaile ar an DART. | She **wouldn’t come** home on the DART. |
| | **Thiocfaimis** abhaile ar an DART. | **We would come** home on the DART. |
| | **An dtiocfadh** sibh abhaile ar an DART? | **Would you come** home on the DART. |
| | **Thiocfaidís** abhaile ar an DART. | They **would come** home on the DART. |
| **6.** | An bhfuil tú **ag teacht** anocht? | Are you **coming** tonight? |
| | Ar mhaith leat **teacht** liom? | Would you like **to come** with me? |

| **Comhrá** | **Conversation** |
|---|---|
| A: **Tagaigí** isteach agus suígí síos. | **Come** in and sit down. |
| B: Go raibh maith agat. | Thank you. |
| A: Cathain **ar tháinig** sibh ar ais. | When **did** you **come** back? |
| B: **Thángamar** aréir. | **We came** last night. |
| A: **Ar tháinig** na páistí libh? | **Did** the kids **come** with you? |
| B: **Níor tháinig**. | No (**didn't come**). |
| A: **Nach dtagann** siad libh de ghnáth? | **Don't** they usually **come** with you? |
| B: **Tagann**, ach ní raibh siad in ann **teacht** an babhta seo. | Yes (**come**), but they weren't able **to come** this time. |
| A: **An dtiocfaidh** siad an bhliain seo chugainn? | **Will** they **come** next year? |
| B: **Tiocfaidh**, is dócha. **Thiocfaidís** i mbliana, ach chuaigh siad chuig bainis. | Yes (**will come**), probably. **They would come** this year, but they went to a wedding. |

| **Ceisteanna** | **Questions** |
|---|---|
| 1. **Ar tháinig** do mhuintir ó Éirinn? | **Did** your people **come** from Ireland? |
| 2. **An dtagann** do chairde ar cuairt? | **Do** your friends **come** to visit? |
| 3. **An dtiocfá** isteach le haghaidh cupán tae? | **Would you come** in for a cup of tea? |
| 4. An bhfuil tú **ag teacht** chuig an rang an tseachtain seo chugainn? | Are you **coming** to the class next week? |
| 5. **An dtiocfaidh** tú go Teach na hÉireann ar an deireadh seachtaine? | **Will** you **come** to the House of Ireland on the weekend? |

| | Dúnmharú ar an Dart<br>**le Ruaidhraí Ó Báille** | Murder on the Dart<br>**by Ruadhraí Ó Báille** |
|---|---|---|
| 1. | Thit Niall isteach i gcathaoir go lag. | Niall fell weakly into a chair. |
| 2. | Bhí a aghaidh chomh bán anois leis an sneachta a bhí fós ag titim taobh amuigh den bhfuinneog. | His face was as white now as the snow that was still falling outside of the window. |
| 3. | "An fear!" | "The man!" |
| 4. | "Cén fear?" | "Which man?" |
| 5. | "An fear ar an Dart, bhí cás aige a bhí cosúil le mo chás féin." | "The man on the Dart; he had a briefcase that was like my own briefcase." |
| 6. | Tháinig eagla ar Mháire. | Mary became afraid. |
| 7. | Bhí sí cinnte go raibh a fear céile ag dul as a mheabhair. | She was sure that her husband was going out of his mind. |
| 8. | Bhí a fhios aici nach raibh sé sona mar mhúinteoir. | She knew that he wasn't happy as a teacher. |
| 9. | Bhí an post ag briseadh a chroí. | The job was breaking his heart. |
| 10. | Bhí sé briste cheana, briste ag Billy 'Bréan' Ó Ruairc agus a chuid coinfeití! | It was already broken, broken by 'Smelly' Billy O'Rourke and his confetti! |
| 11. | "Tá mise chun an dochtúir a fháil." | "I'm going to get the doctor." |
| 12. | Chuaigh sí amach go dtí an halla agus thóg sí an teileafón ina láimh. | She went out to the hall and took the phone in her hand. |
| 13. | Rith Niall amach agus stop sé í. | Niall ran out and stopped her. |
| 14. | Bhí sé ag gáire. | He was laughing. |
| 15. | "Ná déan aon rud. Níl mé craiceáilte! | "Don't do anything. I'm not crazy! |
| 16. | Fuair fear bás ar an Dart ar maidin, caithfidh gur thóg mé a chás in áit mo chás féin. Sin an méid. | A man died on the Dart in the morning and I must have taken his briefcase instead of my own briefcase. That's all. |
| 17. | A dhiabhail! Ní fhaca mise an méid sin airgid riamh!" | Oh, devil! I never saw this much money. |
| 18. | "Cad a dhéanfaidh tú anois?" | "What will you do now?" |
| 19. | "Tá mé chun labhairt leis na gardaí ar an teileafón, agus an scéal ar fad a insint dóibh." | "I'm going to speak with the police on the phone, and tell them the whole story. |
| 20. | "Cén fáth nach ndúirt tú aon rud faoi seo nuair a tháinig tú abhaile?" | "Why didn't you say anything about this when you came home?" |
| 21. | "Bhuel, ní raibh sé ródheas, bhí fuil gach áit." | "Well, it wasn't very nice, there was blood everywhere. |

| | Dúnmharú ar an Dart<br>**le Ruaidhraí Ó Báille** | Murder on the Dart<br>**by Ruadhraí Ó Báille** |
|---|---|---|
| 22. | "Fuil? Ó a Niall, tá eagla orm. | "Blood? Oh, Niall, I'm afraid. |
| 23. | Faigh na gardaí anois díreach agus tabhair an cás sin ar ais dóibh. | Get the Gardaí right now and give that briefcase back to them. |
| 24. | Ní bheidh mise ábalta codladh go dtí go mbeidh sé imithe." | I won't be able to sleep until it is gone." |